C/2026/3488 (*)

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 12488 — ASTERION / MACQUARIE / SOUTHERN WATER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3488)

1. An 22 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Asterion Industrial Partners, SGEIC, S.A. ('Asterion', an Spáinn) (**),

— MSCIF Sandstone Ventures S.à r.l ('MSCIF', Lucsamburg), atá faoi rialú Macquarie Group Limited, ('MGL', an Astráil),

— Southern Water Services Limited ('Southern Water', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú MGL.

Gheobhaidh Asterion agus MGL rialú comhpháirteach ar Southern Water de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht neamhspleách bainistíochta infheistíochta é Asterion atá dírithe ar bhonneagar i meánmhargadh na hEorpa,

— Is grúpa airgeadais éagsúlaithe é Macquarie a sholáthraíonn réitigh bainistíochta sócmhainní agus airgeadais, bhaincéireacht mhiondíola agus ghnó, chomh maith le réitigh comhairleacha agus riosca agus chaipitil do chliaint ar fud fiachais, cothromais agus tráchtearraí.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Southern Water seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar do Sussex Thoir agus Thiar, Kent, Hampshire agus Oileán Iocht sa Ríocht Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M. 12488 — ASTERION / MACQUARIE / SOUTHERN WATER)

(*) De bharr cúiseanna maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint, ní nochtar roinnt faisnéise a bhí san eisiúint seo a thuilleadh, agus dá bhrí sin, foilsíodh leagan barántúil nua.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

(**) Tá an fhaisnéis scriosta nó ionadaithe laistigh den chreat maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint.

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË